# Gné 1: Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt

## Réamhrá

Is í aidhm na Treorach Cleachtais tacú leat *Aistear* agus *Síolta* a úsáid le chéile le caighdeán do churaclaim a fhorbairt. Cabhróidh na gníomhartha sa ghné seo leat tús a chur le machnamh grinn a dhéanamh ar do churaclam reatha, sainaithint a dhéanamh ar a n-oibríonn go maith, agus nóta a dhéanamh de na hathruithe is mian leat a dhéanamh i bhfianaise na hoibre atá déanta agat leis an Treoir Chleachtais.

Tá trí ghníomh sa ghné seo.

- Cabhróidh **Gníomh A**, *Do churaclam reatha ar dtús*, leat smaoineamh ar do churaclam mar a **thosóidh tú ag obair ar** **Bhunchlocha an Churaclaim**.

- Tabharfaidh **Gníomh B**, *Curaclam éiritheach a fhorbairt ar bhonn fiosraithe*, deis duit smaoineamh ar do churaclam **tar éis** obair a dhéanamh ar **Bhunchlocha an Churaclaim**.

- Tá **Gníomh C**, *Athbhreithniú a dhéanamh ar do churaclam i bhfianaise na Treorach Cleachtais*, ceaptha lena úsáid **tar éis** duit obair a dhéanamh ar **Bhunchlocha an Churaclaim** agus ar **Cholúin an Churaclaim.**



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs